Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16135/22**
**ADD 1**

**ENER 696**
**ENV 1319**
**TRANS 796**
**ECOFIN 1349**
**RECH 666**
**CLIMA 684**
**IND 563**
**COMPET 1046**
**CONSOM 345**
**DELACT 232**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 9267 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfachtóir fuinnimh phríomhúil le haghaidh leictreachais i gcur i bhfeidhm Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 9267 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: C(2022) 9267 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022
C(2022) 9267 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfachtóir fuinnimh phríomhúil le haghaidh leictreachais i gcur i bhfeidhm Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 3 in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2012/27/AE:

‘(3) Infheidhme nuair a dhéantar coigilteas fuinnimh a ríomh i dtéarmaí fuinnimh phríomhúil trí úsáid a bhaint as cur chuige ón mbun aníos bunaithe ar thomhaltas fuinnimh deiridh. I gcás coigilteas i leictreachas kWh, cuirfidh na Ballstáit comhéifeacht réamhshocraithe i bhfeidhm arna suí trí bhíthin modheolaíocht thrédhearcach ar bhonn na n-imthosca náisiúnta a dhéanann difear do thomhaltas fuinnimh phríomhúil, ionas gur féidir an coigilteas iarbhír a ríomh go beacht. Beidh bunús leis na himthosca sin, agus beidh siad infhíoraithe agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha. Le haghaidh coigilteas i leictreachas kWh, féadfaidh na Ballstáit comhéifeacht réamhshocraithe 1,9 a chur i bhfeidhm nó féadfaidh siad an lánrogha a úsáid chun comhéifeacht éagsúil a shainiú, ar an gcoinníoll gur féidir leo údar cuí a thabhairt di. Agus sin á dhéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an meascán fuinnimh a chuimsítear ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, a bhfuil fógra le tabhairt ina leith don Choimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999. Faoin 25 Nollaig 2022 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún an chomhéifeacht réamhshocraithe a athscrúdú ar bhonn na sonraí iarbhír a fuarthas. Déanfar an t-athbhreithniú sin agus a thionchair ar dhlí eile de chuid an Aontais, amhail Treoir 2009/125/CE agus Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE á gcur san áireamh (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).’